# CINNEADH (CBES) 2022/2097 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

## an 27 Deireadh Fómhair 2022

## maidir le Ceannasaí Speisialta Oiliúna a cheapadh le haghaidh Mhisean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) (EUMAM Ukraine/2/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/1968 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Misean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) [1], agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1968 maidir le Misean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine).

(2) Foráiltear le hAirteagal 2(3) de Chinneadh (CBES) 2022/1968 go bhfuil Ballstát le Ceannasaíocht Oiliúna Speisialta ilnáisiúnta (ST-C) a chur ar fáil, a bheidh i gceannas ar ghníomhaíochtaí oiliúna sa tír sin.

(3) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2022/1968, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 38 de Chonradh an Aontais Eorpaigh, maidir le Ceannasaithe an Aontais a cheapadh le haghaidh EUMAM Ukraine, an Ceannasaí Speisialta Oiliúna san áireamh.

(4) An 21 Deireadh Fómhair 2022, mhol Ceannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh go gceapfaí an Leifteanant-Ghinearál Andreas MARLOW mar Cheannasaí Speisialta Oiliúna.

(5) An 24 Deireadh Fómhair 2022, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh sin.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an Leifteanant-Ghinearál Andreas MARLOW a cheapadh mar Cheannasaí Speisialta Oiliúna le haghaidh EUMAM Ukraine ón 27 Deireadh Fómhair 2022.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Leifteanant-Ghinearál Andreas MARLOW ina Cheannasaí Speisialta Oiliúna le haghaidh Mhisean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) amhail ón 27 Deireadh Fómhair 2022.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*

[1] IO L 270, 18.10.2022, lch. 85.